
# D




8 - Réidh le tosú ag scríobh

9 - Scríbhneoireacht a bhíonn in úsáid chuile lá

# Clár


| | |
|---|---|
| Luathiarrachtaí Scríbhneoireachta | 2 |
| Samplaí den Scríbhneoireacht a bhíonn ag Gasúir óga | 3-9 |
| Cumhacht an Phinn Luaidhe | 10 |
| Ó Phonc go Ponc a dhéanamh | 11 |
| Focla sa Scríbhneoireacht | 12 |
| Béim ar an Scríbhneoireacht | 13 |
| 'Béim ar an Scríbhneoireacht' in úsáid | 14 |
| Gníomhaíochtaí Laethúla Scríbhneoireachta | 15 |
| Ag scríobh agus ag déanamh spraoi | 16 |
| A thuilleadh gníomhaíochtaí scríbhneoireachta | 17 |
| Bí ag spraoi leis an scríbhneoireacht | 18 |




# Luathiarrachtaí scríbhneoireachta

Spreagtar suim an ghasúir sa scríbhneoireacht trí bheith ag breathnú ar dhaoine fásta ag scríobh chuile lá. Foghlaimíonn siad go mbaintear an-úsáid as an scríbhneoireacht. Fiú agus iad ag scriobláil tuigeann na gasúir gur deis atá sa scríbhneoireacht tuairimí a roinnt le daoine eile.

Teastaíonn ó do ghasúr na matáin atá ina láimh agus an comhordú atá idir an tsúil agus an láimh a láidriú le smacht a bheith aige ar an bpeann luaidhe nuair a bheidh sé ag tarraingt nó ag scríobh. D'fhéadfá cúnamh a thabhairt dó na scileanna seo a láidriú trí é a spreagadh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a tharlaíonn chuile lá.

D'fhéadfá matáin do ghasúir agus an comhordú atá idir súil agus láimh do ghasúr a láidriú trí ligean cead dó cúnamh a thabhairt duit sa gcistineach. D'fhéadfadh sé:

- plúr a chriathrú,
- na huibheacha a bhuaileadh,
- an taos a chorrú le spúnóg mhór,
- subh a chimilt ar an arán.

D'fhéadfá páipéar agus 'uirlisí scríbhneoireachta' a thabhairt do do ghasúr. Bíonn sé éasca ar ghasúir criáin thiubha, cailc thiubh, scuabanna péinteála tiubha a láimhseáil. Lig cead dó a beith ag scriobláil agus ag tarraingt, ag rianú agus ag dathú.

Bíonn cluichí poncanna, puzail mhíreanna mearaí, agus leabhra dathúcháin an-úsáideach. Bí cúramach nuair a roghnaíonn tú iad. Bíonn aois na ngasúr is feiliúnaí le haghaidh na leabhra, na bpuzal agus na gcluichí seo, scríofa ar an gclúdach nó ar an mbosca.

Ná déan dearmad moladh a thabhairt do do ghasúr, ná a chuid pictiúr a chrochadh suas ar an mballa agus labhair leis faoina phictiúir.

Seo roinnt smaointe eile:

- cnaipí a dhúnadh agus a oscailt
- cluichí liathróide a imirt
- cluichí a imirt le gaineamh
- bualadh bos a imirt
- cártaí a imirt
- a bharriallacha a cheangailt
- péintéireacht láimhe a dhéanamh
- cluichí marla a imirt
- úsáid a bhaint as an siosúr (siosúr gasúir)
- cluichí le Lego nó le blocanna a imirt


# Samplaí den Scríbhneoireacht a bhíonn ag Gasúir Óga



1. Cuireann gasúir tús lena scileanna scríbhneoireachta nuair a léiríonn siad suim i scríbhneoireacht agus i dtarraingt pictiúr. Tosaíonn siad nuair a tharraingíonn siad marcanna, línte agus cruthanna ar bhileog agus nuair a fhoghlaimíonn siad le greim a fháil ar chrián nó ar pheann luaidhe.

   Taispeánann **Jenny, 1 bl. 8 mí**, go luath go bhfuil suim aici sa scríbhneoireacht mar go bpiocann sí crián suas go fonnmhar agus go gcoinníonn sí greim atá cleachtaithe go maith air, fad is atá sí ag luí isteach ar a bheith ag tarraingt línte ar an bpáipéar.


# Samplaí den Scríbhneoireacht a bhíonn ag Gasúir Óga



2. Taispeánann gasúir go dtuigeann siad an difríocht idir an tarraingt agus an scríbhneoireacht nuair nach mar a chéile na marcanna a bhíonn déanta acu don tarraingt ná do na litreacha/na focla. B'fhéidir gur línte de scriobáil a bheas anseo ina thús ach de réir a chéile beidh sé le tabhairt faoi deara gur patrúin i gcosúlacht ciorcal a bheas tarraingthe.

Is léir go bhfuil cuspóir ag **Lucy, 2 bhl. 9 mí**, ina cuid scríbhneoireachta agus go bhfuil patrúin ag teacht chun cinn go luath sa scríbhneoireacht sin. Tarraingíonn sí pictiúr dá máthair agus dá hathair agus tarraingíonn sí go leor sonraí beaga ansin ar nós malaí, feasóg, polláirí. Scríobhann sí 'Mama' agus 'Deaide' os cionn na bpictiúr. Leanann sí patrún áirid amháin sa scrioblóil atá déanta aici.


# Samplaí den Scríbhneoireacht a bhíonn ag Gasúir Óga



3. Ag an bpointe seo bíonn gasúir in ann litreacha a tharraingt ó bheith ag cóipeáil nó ag ceangal poncanna. B'fhéidir go mbeadh suim acu cineálacha difriúla scríbhneoireachta a chleachtadh. B'fhéidir, mar shampla, go gcóipeálfadh siad giotaí beaga a bheadh ar chomharthaí nó ar phóstaeirí.

Díríonn **Fionn, 4 bl. 4 mhí**, a aird ar na litreacha a dhéanamh níos fearr. Tá fonn air a ainm a scríobh. Iarrann sé ar a mhúinteoir é a scríobh amach dó ionas go mbeidh sé in ann na litreacha a chóipeáil.

# Samplaí den Scríbhneoireacht a bhíonn ag Gasúir Óga




4. Bíonn gasúir in ann roinnt litreacha a tharraingt ar a gconlán féin, litreacha a n-ainmneacha nó líne litreacha. Is iontach an lán cleachtaidh a dhéanann gasúir ag an bpointe seo agus b'fhéidir go mbeadh ornáidiú tábhachtach mar chuid dá gcuid oibre.

   Tá fonn ar **Emma, 3 bl. 6 mhí,** a thaispeáint cé chomh maith is atá sí ag scríobh focla. Níl an pictiúr atá tarraingthe aici chomh tábhachtach lena teachtaireacht. Tosaíonn sí leis na focla atá sí in ann scríobh aisti féin. Tosaíonn sí lena hainm agus ansin scríobhann sí 'FBI' agus leanann sí uirthi agus cóipeálann ainmneacha an teaghlaigh agus ainm an chláir theilifíse is fearr léi, 'Barney'.


# Samplaí den Scríbhneoireacht a bhíonn ag Gasúir Óga



5. Tuigeann gasúir nach mór dóibh focla a scríobh le míniú a dteachtaireachtaí a chur trasna. Iarrfaidh gasúir ar dhaoine fásta go minic ag an bpointe seo a gcuid scríbhneoireachta a léamh. Is beag scil a bhíonn acu sa litriú ach bíonn a fhios acu céard a theastaíonn uatha a rá.

   Cuireann **Catherine, 5 bl. 6 mhí**, teachtaireacht shoiléir trasna agus í ag cur síos ar a pictiúr. 'I have a tent and I grow flowers.' Tá sí ag tosú ar an litriú agus is léir go bhfuil eolas aici faoi na fuaimeanna atá le cuid de na consain agus na gutaí. Léiríonn sí freisin gur fhoghlaim sí go dtéann an scríbhneoireacht ó chlé go deas agus go dtosaítear ar chlé arís leis an gcéad líne eile.


# Samplaí den Scríbhneoireacht a bhíonn ag Gasúir Óga




6. Ag an bpointe seo scríobhann na gasúir sa gcaoi is go mbeifear in ann an scríbhneoireacht a thuiscint go héasca. Beidh fuaimeanna tosaigh agus fuaimeanna deiridh acu sa litriú ach seans maith nach mbeidh na gutaí acu. D'fhéadfadh go mbeadh roinnt focla simplí mar shampla 'cat', 'I', 'the' litrithe i gceart acu le scríobh síos sna habairtí. B'fhéidir go mbeidís ag tosú ag fágáil spásanna idir na focla.

   Léiríonn **Caoimhe** go rímhaith go bhfuil roinnt mhaith ar eolas aici faoi litriú, faoi ghramadach agus faoi phoncaíocht. Mar sin féin agus í ag scríobh coinníonn sí le focla simplí a bhfuil sí cinnte faoin litriú atá orthu. Tá sraith d'abairtí scríofa aici atá soiléir agus ceannlitreacha ag tús chaon cheann díobh.

# Samplaí den Scríbhneoireacht a bhíonn ag Gasúir Óga




7. Bíonn gasúir in ann 'téacs' a chur le chéile agus a scríobh ag an bpointe seo. Bíonn siad ag tosú ag cur sraith smaointe in ord ionas go mbeidh ciall leo. Bíonn siad ag tosú ar lánstad a úsáid nó focla mar 'and' agus 'out' a chur isteach mar cheangal ionas go mbeidh leagan amach níos fearr ar a gcuid scríbhneoireachta. Cé gur beag aird a bhíonn ag gasúir ar an litriú ag an bpointe seo tá fianaise ann a léiríonn go dtosaíonn gasúir ag úsáid rialacha a bhaineann le litriú agus go bhfuaimníonn siad focla ionas go mbeidh siad in ann litriú a scríobh.

   Tá **Cillian, 6 bl. 7 mí**, in ann 'téacs' a scríobh. Tá abairtí iomlána, lánstadanna agus ceannlitreacha ina chuid scríbhneoireachta. Leanann a chuid abairtí a chéile sa gcaoi is go bhfuil ciall leo. Léiríonn sé go bhfuil greim faighte aige ar scil atá ag gabháil le litriú.

# Cumhacht an Phinn Luaidhe

Féadfaidh tú lámh a thabhairt don ghasúr lena réiteach le litreacha a tharraingt má thosaíonn tú ag cóipeáil agus ag tarraingt patrún. Bealach é seo a chuidíonn le forbairt a dhéanamh ar na scileanna atá ag gabháil le comhordú idir an tsúil agus an láimh agus bíonn an comhordú seo ag teastáil le litreacha a tharraingt. Nuair a cheanglóidh sé abairtí ó chlé go deas tiocfaidh sé i gcleachtadh ar an gcaoi le léamh agus scríobh ó chlé go deas.

Tarraing patrúin le tabhairt do do ghasúr lena gcóipeáil agus lig dósan patrúin a tharraingt le go gcóipeálfaidh tusa iad. Ná bí ag súil go mbeidh an chóip a dhéanfaidh an gasúr de do phatrúnsa cruinn beacht. B'fhéidir gur scriobláil a dhéanfadh sé i dtús báire. Sin a dhéanann daoine a bhíonn ag tosú ag scríobh.

Tá a thuilleadh smaointe maidir le déanamh patrún anseo thíos:

- Tarraing patrún le cur mar fhráma thart timpeall ar phictiúr.
- Imir an cluiche 'ceangail le chéile'. Tarraing dhá rud, cat agus luch, mar shampla, agus iarr ar an ngasúr iad a cheangal suas le chéile.
- Tarraing pictiúr ach fág líne nó ciorcal ar lár. Iarr ar an ngasúr an líne atá fágtha amach a líonadh isteach. Tarraing cupán gan láimhín air, mar shampla.
- Tarraing lúbraí simplí agus ó phonc go ponc.
- Imir an cluiche 'téirigh ag siúl leis an líne'.
- Cuir suas coirníní ar shnáithe.
- Déan slabhraí as páipéar daite.
- Tarraing patrúin sa ngaineamh.
- Tabhair spreagadh don ghasúr tabhairt faoi tharraingt agus faoi dhathadóireacht.


# Ó Phonc go Ponc a Dhéanamh

**Teastóidh:**


- Leabhar dathúcháin, cairtchlár (bosca gráin bhricfeasta), siosúr, marcóirí agus páipéar.

Pioc amach patrún simplí as leabhar dathúcháin agus rianaigh é nó déan cóip de ar an gcairtchlár. Gearr amach é le go mbeidh sé agat mar stionsal.

Leag amach do stionsal ar lár na bileoige. Líon isteach sonraí beaga agus an chuid a bheadh sa gcúlra chomh maith, le nod a thabhairt don ghasúr faoin bpictiúr. Ansin tarraing leat ó phonc go ponc ar bhealach amháin de na trí cinn seo:




Rianaigh an pictiúr i bponcanna ionas go mbeidh an gasúr in ann na poncanna a cheangal le chéile.



1

Rianaigh an pictiúr i línte briste ionas go mbeidh an gasúr in ann na línte a cheangal le chéile.



2

Rianaigh cúpla líne le nod a thabhairt faoin bpictiúr. Ansin oibrigh ó chlé go deas agus cuir uimhreacha ar na poncanna ionas go mbeidh an gasúr in ann na poncanna a cheangal le chéile.




3

# Focla sa Scríbhneoireacht

An bhfuil cuid de na focla seo ar eolas ag do ghasúr?

- aibítir
- coinnigh taobh istigh de na línte
- cóip
- litreacha móra
- peann luaidhe
- scríobh sna cearnóga
- línte
- ó chlé go deas
- rubar
- ceannlitreacha
- prionta
- litreacha beaga
- fág spás
- lánstad
- comhartha ceiste
- fág líne
- rialóir
- spás
- téigh go dtí an chéad líne eile
- na himill

# Béim ar an Scríbhneoireacht




Ainm

Aois

Déan cóipeanna do na gasúir de réir mar is gá.

# 'Béim ar an Scríbhneoireacht' in úsáid

An bhfuil tú in ann liosta a dhéanamh de na scileanna scríbhneoireachta atá luaite in **'Béim ar an Scríbhneoireacht'** agus a bhí in úsáid ag do ghasúr?

An bhfuil tú in ann cuimhniú ar na hamanta agus na háiteacha ar thug tú do ghasúr faoi deara agus é i mbun gníomhaíochtaí scríbhneoireachta?

An bhfuil tú in ann a inseacht céard iad na fáthanna a bhí ag do ghasúr le bheith ag scríobh?

Céard eile a d'fhéadfá a dhéanamh le do ghasúr a spreagadh ionas go bhfeabhsódh sé na scileanna a theastódh uaidh le bheith ag scríobh?

# Gníomhaíochtaí Laethúla Scríbhneoireachta

Tosóidh do ghasúr ag cur suime sa scríbhneoireacht mar go bhfeicfidh sí tusa agus daoine eile sa teach ag scríobh ar chúiseanna éagsúla. Tá cúpla smaoineamh anseo a leanas chun í a tharraingt isteach sna gníomhaíochtaí laethúla scríbhneoireachta a tharlaíonn sa teach. Fiú mura bhfuil sí réidh le tosú ag scríobh bainfidh sí sásamh as a bheith ag breathnú ortsa agus as a bheith ag caint faoi na tascanna scríbhneoireachta seo.

| | |
|---|---|
| Déan amach liostaí | liosta siopadóireachta, liosta 'rudaí le déanamh', liosta mianta Nollag, liosta cé dó a dtabharfaidh mé cuireadh chuig mo chóisir, liosta rudaí le tabhairt leat agus tú ag dul ar thuras, liosta de rudaí a bheas le déanamh nuair a thiocfas Mamó ar cuairt. |
| Scríobh síos na teachtaireachtaí | teachtaireachtaí teileafóin, teachtaireachtaí ó dhaoine a bhuailfeadh isteach ar feadh nóiméid, oidis chócaireachta |
| Cuir d'ainm le cártaí | cártaí Nollag, cártaí lae breithe, cártaí Lae Vailintín, cártaí buíochais. |
| Scríobh litreacha | chuig: daoine sa teaghlach, seanmhuintir, uncaileacha, aintíní, col ceathracha agus cairde. |
| Dear lipéid | le cur ar: rudaí pearsanta leat féin, mar shampla leabhra, bréagáin, giar spóirt agus ar dhoirse agus ar sheilfeanna |
| Leag amach biachlár | le haghaidh béile lae breithe nó béile lae saoire. |
| Scríobh ar phictiúr | cuir teideal leis, scríobh píosa cainte éicint air, cuir d'ainm leis. |

Do chuid smaointe féin:

# Ag scríobh agus ag déanamh spraoi

**Siopa:**

- Tosaigh ag bailiú suas boscaí bia atá folamh, mar shampla boscaí gráin bhricfeasta, páipéir a bhíonn timpeall ar bhrioscaí, boscaí uibheacha, nó buidéil leacht níocháin.
- Tabhair cúnamh do do ghasúr praghsanna a scríobh ar lipéid le cur orthu
- Bain úsáid as airgead spraoi nó déan do chuid airgid spraoi féin.
- Bíodh peann luaidhe agus páipéar agat le haghaidh liosta siopadóireachta a scríobh amach
- Bíodh bosca bróg agat mar 'scipéad airgid'.
- Réitigh comhartha le haghaidh an tsiopa.

**Bialann:**

- Lig do do ghasúr an bord a leagan.
- Cuir cárta simplí biachláir le chéile; bíodh na bianna air agus pictiúir ag gabháil leo.
- Bíodh leabhar beag nótaí agat chun orduithe a scríobh síos.
- Bain úsáid as airgead spraoi nó déan do chuid airgid spraoi féin.
- Bíodh bosca bróg agat mar 'scipéad airgid'.

**Scoil:**

- Faigh clár dubh nó píosa mór páipéir a d'fhéadfaí a ghreamú den bhalla le tacóidí nó le téip.
- Bailigh suas beagán cailce, pinn luaidhe, leabhra beaga nóta agus leabhra scéalta.
- Úsáid boscaí móra folmha cairtchláir mar dheascanna.
- Tabhair spreagadh do do ghasúr a seomra ranga a mhaisiú le litreacha na haibítre, le figiúirí agus le pictiúir.

**Teach:**

- Tabhair cúnamh do do ghasúr teachín spraoi a dhéanamh trí champa a dhéanamh as roinnt mhaith cathaoireacha agus pluid nó braillín caite os a gcionn.
- D'fhéadfadh gur di féin, dá bábóga nó dá bréagáin bhoga an teachín spraoi.
- Tabhair páipéar, criáin agus marcóirí di chun comhartha daite a réiteach le haghaidh an tí.

Do chuid smaointe féin:

# A thuilleadh gníomhaíochtaí scríbhneoireachta

Faigh leabhar gearrthóg do do ghasúr agus cuir a pictiúir, a scríbhneoireacht agus a cártaí isteach ann.

Iarr ar do ghasúr pictiúir a tharraingt a mbeadh scéal le cur leo agus greamaigh iad seo sa leabhar gearrthóg nó i leabhar nótaí eile. Ansin d'fhéadfadh an bheirt agaibh in éindí an téacs a scríobh.

Tabhair cailc don ghasúr le dhul ag tarraingt ar an gcosán coisithe. Taispeáin di an chaoi le clár chleas na bacóide a dhéanamh. Glanfaidh an chéad mhúr báistí é.

Seo iad na buntáistí a ghabhann le raon leathan de ghníomhaíochtaí scríbhneoireachta a chur ar fáil don ghasúr:

- cuidíonn sé léi misneach a bheith aici agus í ag tabhairt faoin scríbhneoireacht;
- réitíonn sé í i gcomhair na dtascanna scríbhneoireachta a bheas roimpi ag an scoil;
- cuidíonn sé léi a thuiscint go mbíonn cúis le bheith ag scríobh;
- cuidíonn sé léi aireachtáil gur cuid den teaghlach agus den phobal níos leithne í.

Do chuid smaointe féin:

# Bí ag spraoi leis an scríbhneoireacht

Pioc amach ceann amháin nó a thuilleadh de na gníomhaíochtaí scríbhneoireachta seo a leanas lena dtriáil amach sa mbaile:

- Tóg amach an trealamh scríbhneoireachta agus bain úsáid as.
- Lig do do ghasúr cabhrú leat in aon chuid den scríbhneoireacht laethúil.
- Imir an cluiche: siopa/scoil/bialann/teach.

Cé acu de na gníomhaíochtaí a phioc tú amach?

An raibh labhairt agus éisteacht, léitheoireacht nó úsáid figiúirí sa ngníomhaíocht sin?

Cén sásamh a bhain do ghasúr as an ngníomhaíocht?

Ar ghlac daoine eile as an gclann nó cairde páirt sa ngníomhaíocht? Céard a rinne siad?

Céard a cheapann tú a d'fhoghlaim do ghasúr as an ngníomhaíocht?



Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir,
Lárionad Oideachais Aosaigh agus Phobail,
Páirc Ghnó Clonroad, Inis, Co. an Chláir.
Teil. (065) 6824819

Breacadh

NDP

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | Department of Education and Science